2. Cuirtear Cinneadh an Bhoird Réitigh Aonair ina sheisiún feidhmiúcháin an 11 Aibreán 2017 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí ex ante don bhliain 2017 leis an gCiste Réitigh Aonair (SRB/ES/SRF/2017/05), a mhéid a bhaineann le Portigon AG, ar neamhní.

3. Coinnítear éifeachtaí chinneadh an Bhoird Réitigh Aonair ina sheisiún feidhmiúcháin an 11 Aibreán 2017, ar ríomh na ranníocaíochtaí ex ante don bhliain 2017 leis an gCiste Réitigh Aonair (SRB/ES/SRF/2017/05), a mhéid a bhaineann le Portigon AG, go dtí go dtiocfaidh cinneadh nua ón mBord Réitigh Aonair i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnach ama nach féidir a bheith níos faide ná sé mhí ó dháta seirbheála an ordaithe seo, lena socraítear ranníocaíocht ex ante na bunaíochta seo don bhliain 2017 leis an gCiste Réitigh Aonair.

4. Íocann an Bord Réitigh Aonair, i dteannta a chostais féin a bhaineann leis na himeachtaí céadchéime agus leis an achomharc, costais Portigon AG a bhaineann leis an nós imeachta céadchéime.

5. Íocann Portigon AG a chostais féin a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc.

6. Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar iarratas ó Ríocht na Spáinne chun idirghabháil a dhéanamh chun tacú le conclúidí an Bhoird Réitigh Aonair.

---

(1) IO C 44 an 08.02.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 31 Eanáir 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Łodzi – an Pholainn) – TM v EJ**

**(Cás C-28/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Árachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí – Treoir 2009/103/CE – Airteagal 3 – Oibleagáid damáiste do mhaoin a chlúdach – Raon feidhme – Rialachán Ballstáit lena n-eisiatar caillteanas tuillimh ó chumhdach trí árachas éigeantach i gcoinne dliteanais shibhialta i leith úsáid mótarfheithiclí)***

(2022/C 222/05)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Łodzi

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* TM

*Cosantóir:* EJ

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór an chéad fhomhír d'Airteagal 3 de Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 a bhaineann le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i leith úsáid mótarfheithiclí agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin a léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc léi ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear nach gcumhdaíonn árachas éigeantach i gcoinne dliteanas sibhialta maidir le húsáid mótarfheithiclí damáiste arb éard é caillteanas tuillimh, ar choinníoll go mbeidh feidhm ag an teorannú ar chumhdach sin gan aon difríocht sa tslí a gcaitear leis an bpáirtí díobhálaithe nó le húinéir nó coimeádaí na feithicle damáistithe atá bunaithe ar a Bhallstáit cónaithe.

---

(1) IO C 182, 10.05.2021